# Coláiste Ailigh

## Cumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca

| |
|---|
| Ainm an Polasaí<br>Cumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca |
| Dáta Daingnithe<br>12 Meán Fómhair 2024 |
| Dáta an chéad athbhreithnithe eile<br>Meán Fómhair 2025 |

## Clár ábhair


**Ráiteas um Chumhdach Leanaí Coláiste Ailigh** 2

**Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí** 5

**Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí** 12

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí Coláiste Ailigh

Coláiste Ailigh : Is iar-bhunscoil an scoil seo a chuireann ar fáil oideachas iar-bhunscoile do dhaltaí ón Chéad Bhliain go dtí Bliain na hArdteistiméireachta .

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um ChosaintLeanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta **Colásite Ailigh** an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Tá glactha ag an Bhord Bainistíochta le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.

**2 Is é an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná Seán Mac Suibhne, Príomhoide**

**3 Is é an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ná Rosa Nic Lochlainn, Príomhoide Tánaisteach.**

**4 Is é Seán Mac Suibhne, Príomhoide an Duine Ábhartha.**

5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí na scoile. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, beag beann ar aon cheist eile;
- comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cúrsaí a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go mbainfeadh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa bhaol go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

6 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas ar bun:

- I gcás baill ar bith den fhoireann is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith linbh atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta chuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus leis na nósanna imeachta ábhartha araíonachta do bhaill fhoirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne.

- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn an scoil le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid seo a leanas déanta ag an scoil-

  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill fhoirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill fhoirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bhainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

7 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

8 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar **12ú Meán Fómhair 2024**.

Sínithe: ____________________ Sínithe: ____________________

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta Rúnaí ag an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 22.10.2024 Dáta: 22/10/2024

# Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

**Tá sé mar aidhm againn i gColáiste Ailigh an bóthar a réiteach do gach aon dalta a lánacmhainn a bhaint amach le héascaíocht, go hintleachtúil, go fisiciúil, go spioradálta, go cultúrtha, go sóisialta agus go mothálach trí mheán na Gaeilge. Déantar iarracht ar leith sa scoil féiníomhá dearfach a chothú i ngach aon duine, maille le meas a chothú iontu do gach duine, dá dtimpeallacht agus dá bpobal."**

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*, seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar **Coláiste Ailigh**.

| Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile | Sainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí – | Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun dul aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo |
|---|---|---|
| 1. Traenáil baill fhoirne i gcúrsaí Caomhnú Leanaí | An riosca dochar gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an fhoireann scoile. | Tá cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile ar an suíomh inmheánach.<br><br>Tá cóip de Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile ar an suíomh inmheánach.<br><br>Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. |
| 2. Doirse na Scoile ar oscailt le linn an lae mar gheall ar aeráil (mar thoradh ar phaindéim nó teocht ard) | An riosca go dtiocfadh duine isteach sa scoil gan síniú isteach ag an fháiltiú, nó gan fhios don fhoireann | Coinníonn foireann BAM súil ghéar ar na doirse i rith an lae.<br>Leabhar síniú isteach/amach ag an Fháiltiú.<br>CCTV timpeall na scoile go háirithe ag na bealaí iontrála agus fógraí go bhfuil a leithéid ann.<br>CCTV infheicthe in oifig an PO agus PT. |

| | | |
|---|---|---|
| | | > Athbhreithniú ar chóras 'fobs' a úsáid agus na doirse a chur faoi ghlas ón taobh amuigh i rith an lae. Ní chuirfidh seo isteach ar bhealaí éalaithe. |
| 3. Teacht agus imeacht na ndaltaí gach lá. | Riosca ó dhaltaí níos sine nó strainséirí ar shuíomh na scoile. | Tá maoirseacht ar an chlós nó ar an áit súgartha ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar dhaltaí le linn imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí feistis srl. |
| 4. Sosanna áineasa do na daltaí | An riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do dhalta sa scoil<br><br>An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir dochar do dhalta sa scoil | Cloíonn an scoil agus ETB Dhún na nGall le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gciorclán ábhartha de chuid na Roinne Oideachais maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. |
| 5. Múineadh sa seomra ranga | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile dochar do dhalta sa scoil<br><br>An riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do dhalta sa scoil<br><br>An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir dochar do dhalta sa scoil | Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.<br><br>Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus leis na ciorcláin ábhartha de chuid an rialtais maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)<br><br>Ní mór bheith airdeallach gach lá go háirithe le daltaí a bhfuil rudaí scríofa fúthu cheana féin, gach rud a thaifeadtar ar VSware |
| 6. Obair Thacaíochta Foghlama | Nuair is féidir, déantar tacaíocht foghlama sa rang.<br><br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile dochar do dhalta sa scoil<br><br>An riosca go ndéanfadh dalta eile dochar do dhalta sa scoil | Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.<br><br>Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus leis na ciorcláin ábhartha de chuid an rialtais maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc) |

| | | |
|---|---|---|
| 7. Múineadh duine-le-duine | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile dochar do dhalta sa scoil | Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil. Bíonn gloine sa doras den seomra Tac Fogh. Bíonn tábla idir an múinteoir agus an dalta. |
| 8. Comhairliú duine-le-duine | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile dochar do dhalta sa scoil<br>An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta i rith mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl | Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil. Tá gloine sa doras den seomra Tac Fogh. Bíonn tábla idir an múinteoir agus an dalta. |
| 9. Gníomhaíochtaí múinte amuigh faoin spéir | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile dochar do dhalta agus an dalta ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil m.s. turas scoile, ceachtanna snámha | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus leis na ciorcláin ábhartha de chuid an rialtais maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc) |
| 10. Gníomhaíochtaí Spóirt | An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta mar gheall ar easpa maoirseachta ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil | Tá polasaí maoirseachta ar an chlós nó ar an áit súgartha ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí i rith imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúla ar nós leithreas, seomraí malartaithe srl. Bainistíocht na scoile i gcónaí ag coinneáil súil ar chúrsaí cúram leanaí i rith an lae.<br><br>Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil. |
| 11. Traenáil gníomhaíochtaí seach-churaclaim | Go ngortóidh daltaí iad féin nó daltaí eile. | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus leis na ciorcláin ábhartha de chuid an rialtais maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)<br>Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.<br>Bíonn múinteoir i gcónaí i láthair do na ceachtanna CLG, sacair, cispheil, rugbaí srl. |

| | | |
|---|---|---|
| 12. Turais scoile a bhfuil cuairt thar oíche ag gabháil leo | An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta agus cóitseáil bheith ar siúl<br><br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile dochar do dhalta agus an dalta ag glacadh páirte i dturas scoile.<br><br>An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta mar gheall ar easpa maoirseachta ar leanaí agus iad ar thuras scoile.<br><br>Go ngortóidh daltaí iad féin nó daltaí eile | Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus leis na ciorcláin ábhartha de chuid an rialtais maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)<br>Tá polasaí mhaoirseacht turais scoile ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí i rith an turais.<br>Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.<br>Tá polasaí Churaclam Breise ag an scoil.<br>Bíonn an PO/PT i dteagmháil le múinteoir i gceannas ar cibé gníomh atá ar siúl le cinntiú go bhfuil na socruithe uilig mar is ceart. |
| 13. Ócáidí bailiúcháin airgid a mbíonn daltaí gafa leo | An riosca díobhála ó dhaoine fásta nó páistí eile is iad taobh amuigh den scoil ag bailiú airgid | Cinnteoidh muid go bhfuil freagracht ag na tuismitheoirí is iad ag bailiú airgid taobh amuigh den scoil agus ba cheart go mbeadh tuismitheoir(í) leo. |
| 14. Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile do ghníomhaíochtaí scoile | An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta mar gheall ar easpa maoirseachta ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil. | Cinnteoidh muid go bhfuil go leor daoine le maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí. Déantar cinnte go bhfuil cóimheas múinteoir:dalta ceart i bhfeidhm. |
| 15. Cúram leanaí a bhfuil riachtanais oideachais bhreise acu, dlúthchúram áit is gá | An riosca go ndéanfaí ball d'fhoireann na scoile dochar do dhalta sa scoil.<br><br>An riosca go ndéanfaí dalta eile dochar do dhalta sa scoil.<br><br>An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta a bhfuil Riachtanais Oideachais Bhreise acu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith acu. | Tá polasaí Riachtanais Oideachais Bhreise ag an scoil. Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus leis na ciorcláin ábhartha de chuid na Roinne Oideachais maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána |
| 16. Iompraíocht dhúshlánach i measc daltaí a bhainistiú | An riosca go ndéanfaí dalta dochar do dhaltaí nó ball den fhoireann. | Polasaí Chód Iompair Dearfach á leanúint<br>Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteacht & Polasaí Frithbhulaíochta ag an scoil. Leanann an scoil Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus Iarbhunscoileanna, *(athbhreithnithe 2023)*. |
| 17. Dáileadh Cógais | An riosca go ndéanfaí ball d'fhoireann na scoile dochar do pháiste sa scoil. | Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteacht ag an scoil. Tá próiseas Riaracháin Leighis ag an scoil.<br>Tá seomra garchabhrach i gColáiste Ailigh.<br>Tá traenáil déanta ag baill den fhoireann ar Gharchabhair. |
| 18. Grianghraif | An riosca go ndéanfadh an grianghrafadóir dochar do dhalta sa scoil. Go ndéanfar mí-úsáid as grianghraif scoile. | Leanann an scoil an Polasaí Chód Iompair Dearfach.<br>Bíonn múinteoir leis na daltaí nuair atá grianghrafadóir scoile ag glacadh grianghraif.<br>Roinnfear na grianghraif le foireann na scoile amháin.<br>Grianghraif uaslódáilte go VSware sábháilte ar thiomántán roinnte Foireann na Scoile amháin.<br>Cloíonn an scoil le rialacha maidir le cosaint sonraí. |
| 19. Gníomhaíochtaí scoile ar siúl taobh amuigh de láthair na scoile (msh. Tráth na gCeist) | An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta mar gheall ar easpa maoirseachta ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil. | Cinnteoidh muid go bhfuil go leor daoine le maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí. |
| 20. Oiliúint d'Fhoireann na Scoile faoi chúrsaí Chosaint Leanaí. | Nach ndéantar taifead agus tuairsciú cuí ar díobháil | Leanann an scoil Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, *(athbhreithnithe 2023)*.<br>Tá cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile ar an suíomh inmheánach.<br>Tá cóip de Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna *(athbhreithnithe 2023)* ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile ar an suíomh inmheánach.<br>Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna *(athbhreithnithe 2023)* agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Traenáil TUSLA agus PDST déanta ag an DLP/ DDLP, chomh maith leis an fhoireann ar an iomlán.<br>Taifead déanta ag an Bhord Bainistíochta den traenáil go léir atá déanta ag an fhoireann. Ionduchtú a dhéanamh le múinteoirí nua a thosaíonn sa scoil.<br>Uasdháta le déanamh ar an Taifead, Meán Fómhair 2023) |
| 21. Bulaíocht | Cluichí sa chlós, caidreamh sa rang, obair ghrúpaí, roimh/tar éis scoile, imeachtaí scoil, m.sh. lá spóirt, turas scoile. | Atmaisféar dearfach a chothú agus polasaí frithbhulaíochta na scoile a leanúint.<br>Aird a thabhairt ar ráiteas cosaint leanaí na scoile.<br>Maoirseacht clóis, breathnóireacht sa rang, rólanna ainmnithe do na daltaí, daoine sa bhreis ag cuidiú le himeachtaí móra a bhfuil grinnfhiosrú acu.<br>Seachtain Chairdeas gach bliain chun aird a dhíriú ar seo.<br>Úsáidtear Cleachtas Aisiríoch, nuair is gá, chun cur le foghlaim na ndaltaí. |
| 22. Mic Léinn ar Thaithí Oibre/sochrúchán | Níl siad i dtaithí ar rialacha agus nósanna na scoile, rudaí mí-oiriúnacha a rá le páistí/teanga mhí-oiriúnach a úsáid, gan tuiscint a bheith acu faoi gan a bheith ina n-aonar le dalta (cé chomh dáiríre agus a thig le rud éigin a bheith) | Taithí Oibre i láthair le páistí, ní mór Grinn Fhiosrúcháin na nGardaí a dhéanamh má tá siad os cionn 16 bl d'aois.<br>Comhrá a bheith acu leis an PO/PT, roimh thosú, míniú a dhéanamh ar gan a bheith leo féin le daltaí, na foirmeacha cuí a bheith líonta agus leo ar an chéad lá, dul díreach chuig baill den fhoireann chun déileáil le fadhb - treoracha a shoiléiriú leo. |
| 23.Daoine Seachtracha/ Aíonna a chuireann leis an Churaclam ar chuairt chun na scoile | An múinteoir gan a bheith i láthair i rith na hama, an múinteoir ag siúl chun na leithris le páiste, an múinteoir lasmuigh gan a bheith ag cloí leis an pholasaí caomhnú leanaí/cód iompair/rialacha na scoile. | Bíonn an múinteoir ranga i láthair nuair is gá, (tá eisceacht ann nuair atá aoichainteoir i gColáiste Ailigh chun labhairt faoi chúrsaí OSPS agus oireann orthu ceardlann a dhéanamh leis na daltaí gan foireann scoile. Cuirtear an PO/PT ar an eolas ag an bhall foirne ag socrú na ceardlainne i gcás mar seo roimh ré).<br>Grinnfhiosrúchán a bheith ag an mhúinteoir sheachtrach, polasaithe agus rialacha a chur ar fáil don mhúinteoir seachtrach. |

| | | |
|---|---|---|
| 24. Earcú Baill fhoirne na scoile, ina measc;<br>• Múinteoirí<br>• Airíoch<br>• Rúnaí<br>• Glantóirí<br>• Oiliúnóirí Spóirt<br>• Teagascóirí Seachtracha<br>• Aoichainteoirí<br>• Oibrithe Deonacha<br>• Baill Bhord Bainistíochta<br>• Tuismitheoirí<br>• Cuairteoirí ar láthair na scoile i rith<br>• Conraitheoirí ar láthair na scoile i rith an lae<br>• Cuairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile<br>• Conraitheoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil m.s. turas scoile, ceachtanna snámha cláraithe teagaisc cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. | An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile dochar do dhalta sa scoil<br>An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir dochar do dhalta sa scoil<br>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile dochar do dhalta agus an dalta ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil m.s. turas scoile | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>Seic a dhéanamh le moltóirí<br>Gan páistí a fhágáil leo féin<br>Agallamh a chur ar na daoine más gá<br>Leabhar síniú isteach<br>Éilítear ar fhoireann na Scoile cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna *(athbhreithnithe 2023)* agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 |
| 25. Úsáid Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (ICT) ag daltaí na scoile | Bulaíocht ar líne<br>Ábhair mí-oiriúnach<br>An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta mar gheall ar dhaltaí bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meáin shóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil | Clár OSPS<br>Polasaí FrithBhulaíochta<br>Polasaí Úsáid inghlactha idirlín<br>Ceachtanna ar úsáid idirlín sábháilte a chur i bhfeidhm do dhaltaí agus do thuistí go bliantúil<br>Leibhéal cosaint ar idirlíon na scoile. |

| | | |
|---|---|---|
| 26. Úsáid Físeáin/Meáin eile chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile | Cosaint Leanaí<br>Cosaint Sonraí<br>An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta mar gheall ar dhaltaí bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meáin shóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil<br>An riosca go ndéanfaí dochar do dhalta mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile | Polasaí Úsáide Inghlactha<br>Cód Iompair Dearfach ag an scoil d'fhoireann na scoile |
| 27. Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile | An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir dochar do dhalta sa scoil | Síníonn cuairteoirí uilig istigh ag an fháiltiú agus tá orthu suaitheantais a chaitheamh sa dóigh is go bhfuil an fhoireann ar an eolas go bhfuil cead acu bheith i láthair.<br>Déantar cinnte nach bhfuil siad ag obair in áit ina bhfuil daltaí gan mhaoirseacht ó fhoireann na scoile ann.<br>Déantar iarracht gan conraitheoirí a bheith ar láthair na scoile nuair atá daltaí sa scoil.<br>Foireann BAM ag freastal ar chonraitheoirí uilig. |

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an Bord Bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú oiread agus is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an Bhord Bainistíochta ar **12 Meán Fómhair 2024**. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar **12 Meán Fómhair 2024**.

Sínithe: [signature]
Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Sínithe: Seán Mac Suibhne
Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 22.10.2024

Dáta: 22/10/2024.

**Teimpléad Éigeantach 2 : Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí**

# Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Ceanglaítear ar an Bhord Bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* go gcaithfidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus go n-úsáidfear an seicliosta seo a leanas chun na críche sin. **Ní mór an t-athbhreithniú a thabhairt i gcrích gach bliain nó chomh luath agus is féidir ar bhonn praiticiúil tar éis d'aon athrú ábhartha a bheith tagtha ar rud ar bith a bhaineann leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.** Cinnteofar freisin le tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil go gcomhlíonfaidh scoil a hoibleagáid reachtúil faoi alt 11(8) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí gach aon dhá bhliain.

Ceapadh an seicliosta mar chabhair d'fhonn tabhairt faoin athbhreithniú sin agus níl sé beartaithe mar liosta uileghabhálach de na saincheisteanna atá le breithniú. Áireofar ar Bhoird Bainistíochta aonair míreanna eile a chur san áireamh sa seicliosta a bhaineann leis an scoil atá i gceist.

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe foriomlán, ba cheart do Bhoird Bainistíochta polasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí ábhartha scoile a mheas i leith a gcomhlíonadh le prionsabail an chleachtais is fearr maidir le cumhdach agus leas leanaí mar atá leagtha amach i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019) agus sna *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).*

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ar ghlac an Bord go foirmiúil le Ráiteas um Chumhdach Leanaí de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Ghlac/Níor ghlac |
| 2. | An bhfuil an Bord sásta go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint in áit fheiceálach gar do phríomhbhealach isteach na scoile? | Tá/Níl |
| 3. | Mar chuid de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile, ar ghlac an Bord go foirmiúil, gan aon mhodhnú, leis na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Ghlac/Níor ghlac |

| | | |
|---|---|---|
| 4. | An bhfuil measúnú i scríbhinn maidir le riosca mar atá riachtanach faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? (Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne mar a cheanglaítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí) | Tá/Níl |
| 5. | An ndearna an Bord athbhreithniú agus nuashonrú nuair is gá ar an measúnacht scríofa ar riosca mar chuid den athbhreithniú foriomlán seo? | Rinne/Ní dhearna |
| 6. | Ar cuireadh san áireamh sa Mheasúnú Riosca an riosca díobhála a bhaineann le teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda? | Chuir/Níor chuir |
| 7. | Ar fhreastail an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil? | D'fhreastail/Níor fhreastail |
| 8. | Ar fhreastail an leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ar an oiliúint um chosaint leanaí atá ar fáil? | D'fhreastail/Níor fhreastail |
| 9. | Ar fhreastail aon bhaill den Bhord ar oiliúint um chosaint leanaí? | D'fhreastail/Níor fhreastail |
| 10. | An bhfuil Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha faoi láthair? | Tá/Níl |
| 11. | An bhfuil na sonraí teagmhála ábhartha (Tusla agus An Garda Síochána) ar fáil? | Tá/Níl |
| 12. | An bhfuil socruithe i bhfeidhm ag an mBord chun Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile a chur in iúl do phearsanra nua scoile? | Tá/Níl |
| 13. | An bhfuil an Bord sásta go bhfuil pearsanra uile na scoile curtha ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* agus faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015? | Tá/Níl |
| 14. | An bhfuair an Bord Tuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí (TMCL) ón bPríomhoide ag gach cruinniú Boird a tionóladh ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach? | Fuair/Ní bhfuair |
| 15. | Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar áiríodh an fhaisnéis ar fad a bhí faoi cheangal sa TMCL faoi gach ceann de na 4 cheannteideal a leagtar amach in ailt 9.5 go 9.8 agus an dá alt sin san áireamh, sna nósanna imeachta? | Áiríodh/Níor áiríodh |
| 16. | Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, ar soláthraíodh na doiciméid ar fad don Bhord agus ar athbhreithnigh an Bord gach doiciméad a bhaineann leis an TMCL? | Soláthraíodh/Níor soláthraíodh D'athbhreithnigh/ Níor athbhreithnigh |
| 17. | An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na taifid a tugadh don bhord bainistíochta le déanamh anaithnid agus le leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach n-ainmneofar aon duine de na leanaí ná páirtithe ar bith eile, an ball foirne scoile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc san áireamh. | Tá/Níl |

| | |
|---|---|
| 18. Ó rinne an Bord an t-athbhreithniú deireanach, an ndearnadh taifead mar is cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird ar na taifid a cuireadh ar fáil don Bhord mar chuid de thuarascáil TMCL? | Rinneadh/Ní dhearnadh |
| 19. An dearnadh tuarascáil TMCL a thaifeadadh go cuí i miontuairiscí gach cruinniú Boird? | Rinneadh/Ní dhearnadh |
| 20. An bhfuil an Bord sásta gur leanadh na nósanna imeachta um chosaint leanaí go cuí maidir le tuairiscí a dhéanamh chuig Tusla/An Garda Síochána i ngach cás a ndearnadh athbhreithniú air? | Tá/Níl |
| 21. An bhfuil an Bord sásta, ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach, go bhfuiltear ag déanamh gach beart iomchuí nó go ndearnadh gach beart iomchuí i leith aon bhall de phearsanra na scoile a ndearnadh líomhain mí-úsáide nó faillí ina c(h)oinne?* | Tá/Níl |
| 22. Nuair ab infheidhme, ar úsáideadh aitheantóirí uathúla chun cúrsaí um chosaint leanaí a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird? | Úsáideadh/Níor úsáideadh |
| 23. An bhfuil an Bord sásta go ndéantar gach taifead a bhaineann le cosaint leanaí a chomhdú agus a stóráil go sábháilte? | Tá/Níl |
| 24. Ar chuir aon tuismitheoir in iúl don Bhord maidir leis an tuismitheoir sin nach bhfuair an fógra caighdeánach a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Chuir/Níor chuir |
| 25. Maidir le haon chásanna a sainaithníodh i gceist 20 thuas, ar chinntigh an Bord gur eisigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe aon fhógraí a cheanglaítear faoi alt 5.6 de na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ina dhiaidh sin? | Chinntigh/Níor chinntigh |
| 26. Ar chinntigh an Bord gur soláthraíodh Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó)? | Chinntigh/Níor chinntigh |
| 27. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile curtha ar fáil don phátrún? | Chinntigh/Níor chinntigh |
| 28. Ar chinntigh an Bord go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do thuismitheoirí arna iarraidh sin? | Chinntigh/Níor chinntigh |
| ~~29. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an clár Fan Sábháilte chun feidhme go hiomlán sa scoil? (baineann sé seo le bunscoileanna)~~ | ~~Chinntigh/Níor chinntigh~~ |
| 30. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear an Clár Folláine do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí chun feidhme ina iomláine sa scoil? (baineann sé seo le hiar-bhunscoileanna) | Chinntigh/Níor chinntigh |
| 31. Ar chinntigh an Bord go gcuirtear curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán sa scoil? | Chinntigh/Níor chinntigh |
| 32. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)? * | Tá/Níl |

| | |
|---|---|
| 33. An bhfuil an Bord sásta gur comhlíonadh ceanglais na Roinne maidir le dearbhú reachtúil a bhaineann le cosaint leanaí agus an cineál gealltanais comhghaolmhar a sholáthar maidir le daoine a cheaptar i bpoist teagaisc agus neamhtheagaisc?* | Tá/Níl |
| 34. An bhfuil an Bord sásta, ó thaobh cosaint leanaí de, go gcuireann an scoil nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin críochnúla i bhfeidhm maidir le pearsanra uile na scoile (fostaithe agus saorálaithe)?* | Tá/Níl |
| 35. An ndearna an Bord breithniú agus ar thug sé aghaidh ar aon ghearáin nó moltaí ó thaobh feabhsúcháin maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? | Rinne/Ní dhearna<br>Thug/Níor thug |
| 36. Ar lorg an Bord aiseolas ó thuismitheoirí maidir le comhlíonadh na scoile leis na ceanglais a bhaineann le cumhdach leanaí mar atá de réir na *Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*? | Lorg/Níor lorg |
| 37. Ar lorg an Bord aiseolas ó dhaltaí maidir leis na socruithe um chumhdach leanaí atá ag an scoil? | Lorg/Níor lorg |
| 38. An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na 'Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)' á gcur chun feidhme go hiomlán agus go leordhóthanach ag an scoil? | Tá/Níl |
| 39. Ar shainaithin an Bord aon ghné de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu? | Shainaithin/Níor shainaithin |
| 40. An bhfuil plean gníomhaíochta curtha i bhfeidhm ag an mBord ina bhfuil amlínte iomchuí luaite chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile agus/nó a chur chun feidhme a sainaithníodh a dteastaíonn tuilleadh feabhais orthu? | Tá/Níl |
| 41. Ar chinntigh an Bord gur tugadh aghaidh go leordhóthanach ar aon réimsí le feabhsú mar a sainaithníodh iad in aon athbhreithniú roimhe seo ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile? | Chinntigh/Níor chinntigh |

* I scoileanna ina bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) mar fhostóir is ar an BOO lena mbaineann atá an fhreagracht riachtanais an fhostóra a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an cheist seo a chomhlánú tar éis dul i gcomhairle leis an BOO.

Sínithe: ____________________

An Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Dáta: ____________________

Sínithe: Seán Mac Suibhne

Rúnaí an Bhiord Bainistíochta

Dáta: 22/10/2024

**Nóta** : I gcás ina bhfuil scoil atá ag tabhairt faoina céad athbhreithniú, glacfar le tagairtí sa seicliosta seo don "athbhreithniú deireanach" chun tagairt a dhéanamh don dáta ar cuireadh an Ráiteas um Chumhdach Leanaí i bhfeidhm den chéad uair.

## Teimpléad Éigeantach 3: Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Chuig: **Pobal Scoile Choláiste Ailigh**

Is mian le Bord Bainistíochta **Coláiste Ailigh** an méid a leanas a chur in iúl duit:

- Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an **12 Meán Fómhair 2024**.
- Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an "Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí" a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne gov.ie

Síniú : [signature] Dáta: 22.10.2024

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú : Seán Mac Luithne Dáta: 22/10/2024.

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta